



An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



# **COGG**

## **Tuarascáil Bhliantúil**

### **2013**



# Tuarascáil Bhliantúil 2013

## Réamhrá

---

Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar obair na bliana 2013, bliain eile a bhí an-dúshlánach don tír uile de bharr drochstaid na heacnamaíochta. Ainneoin sin, ceadáíodh do COGG folúntas a bhí san oifig le leathbhliain a líonadh faoin scéim ath-inlonnaithe, rud a chuidigh leis an bhfoireann a réimse leathan dualgas reachtúil faoi fhorálacha an Achta Oideachais (1998) a chomhlíonadh.

Aistríodh oifig COGG go háras nua i gCearnóg Mhic Liam le linn an tsamhraidh, áit a bhfuil sí comhlonnaithe anois leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Táthar ag súil go mbeidh an dá eagraíocht ag obair i bpáirt feasta ar mhaithe le teagasc trí Ghaeilge agus teagasc na Gaeilge i scoileanna na tíre.

Mar a fheicfeadh sa tuarascáil seo, leanadh leis an gcomhairliúchán, le comhordú sholáthar na n-áiseanna teagaisc, le soláthar seirbhísí taca, le tionscadail taighde agus le tacú le feidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge. Is liosta le háireamh a bhfuil bainte amach ag COGG le bliain anuas agus tá ardmholadh as sin tuilte ag an bpríomhfheidhmeannach, Muireann Ní Mhóráin agus ag a foireann, Pól Ó Cainín agus Cathy Ní Chianaigh.

Cinneadh in 2013, de bharr na géarchéime i bhfoghlaím agus i dteagasc na Gaeilge sna scoileanna, go dtabharfaí aghaidh in 2014 ar fhorbairt clár teagaisc don Ghaeilge i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán agus tá súil ag an mbord reatha an obair seo a bheith faoi lán seoil faoi dheireadh thréimhse an bhoird reatha i mí na Samhna 2014.

Mar chathaoirleach ar COGG, dearbhaím gur comhlíonadh na riachtanais rialacháin mar a bhaineann siad le hiniúchadh cuntas, le córais inmheánacha rialú caiteachais, le híocaíochtaí cánach, le treoirínte na Roinne Airgeadais mar a bhaineann siad le híocaíochtaí costais taistil agus cothabhála, le heitic in oifig phoiblí, le soláthar seirbhísí agus earraí.

**John Carr**

Cathaoirleach

## Buíochas

---

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí COGG as an spéis a léirigh siad in obair COGG le bliain anuas agus as an tacaíocht leanúnach a thugann siad lena chinntiú go bhfeidhmítear forálacha an Achta Oideachais (1998) mar a bhaineann siad le COGG.

Tá buíochas ar leith ag dul don Chathaoirleach John Carr, d'Anna Ní Chartúir an Leasathaoirleach agus don Choiste Iniúchóireachta, Kevin de Barra, Deirbhile Nic Craith agus Fíona Uí Uiginn, as dúthracht a gcuid oibre le bliain anuas.

Ar ndóigh, mar a bhaineann le hobair COGG ó lá go lá, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann COGG, Pól Ó Cainín agus Cathy Ní Chianaigh, as a gcuid oibre agus leis na daoine ar fad eile a bhíonn ag obair do COGG ar bhealaí éagsúla san oifig agus ar fud na cruinne.

Nár lagaí Dia iad!



**Muireann Ní Mhóráin**

*Príomhfheidhmeannach*



## Ár Misean

**Cúraim na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chomhlíonadh go héifeachtach, go gairmiúil agus ar ardchaighdeán ar mhaithe le forás na hearnála Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur chun cinn agus ar mhaithe le múineadh na Gaeilge i scoileanna uile na tíre.**

### Cúlra

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) in 2002 faoi fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachais (1998) tar éis feachtais a chuir Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Gaelscoileanna Teo, agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta ar bun le go mbeadh sainstruchtúr ann le freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

### Feidhmeanna reachtúla:

- Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú,
- Chun comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta,
- Chun seirbhísí taca a chur ar fáil do na scoileanna sin trí mheán na Gaeilge,
- Chun taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann na cúraim seo,
- Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú agus chun taighde a sheoladh, agus comhairle a thabhairt don Aire, maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais.

Comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le nithe a bhaineann

- le múineadh na Gaeilge,
- le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an gcuraclam do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna a chuireann oideachas trí mheán na Gaeilge agus le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear sna scoileanna sin,
- le riachtanais oideachais daoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta.

**Bord 2010-2014**

Ainmníúchán an Aire Oideachais agus Scileanna	John Carr (Cathaoirleach)
Ionadaí an Aire Oideachais agus Scileanna	Mícheál Ó Dochartaigh
Ionadaí na Roinne Oideachais agus Scileanna	Máire Uí Chonghaile
Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta	Anna Ní Chartúir (Leaschathaoirleach) Mairéad Ní Chualáin Bernadette Ní Dhuibhir
Gaelscoileanna Teoranta	Cathnia Ó Muircheartaigh Fiona Uí Uiginn Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Ionadaí tofa Oidí na Scoileanna Gaeltachta	Brid Uí Lubhaing
Ionadaí tofa Oidí na Scoileanna lán-Ghaeilge	Yvonne Ní Mhurchú
Ionadaí tofa Thuismitheoirí na Scoileanna Gaeltachta	Máire Nic Niallais
Ionadaí tofa Thuismitheoirí na Scoileanna lán-Ghaeilge	Mícheál Ó Broin
Ionadaí tofa Phátrún na Scoileanna Gaeltachta	Séan Ó Tuairisg
Ionadaí tofa Phátrún na Scoileanna lán-Ghaeilge	Bláthnaid Ní Ghréacháin
ASTI	Robbie Cronin
INTO	Deirbhile Nic Craith Máire Ní Chuinneagáin
TUI	Dáithí Sims
Foras na Gaeilge	Seosamh Ó Coinne
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge	Kevin de Barra
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	Reuben Ó Conluain (comhthofa)
Comhairle Churaclaim, Scrúduithe agus Mheasúnaithe Thuisceart Éireann	Seán Mac Nia (comhthofa)



## Foireann

Muireann Ní Mhóráin	Príomhfheidhmeannach
Pól Ó Cainín	Eagarthóir/ Cúntóir Taighde
Cathy Ní Chianaigh	Feidhmeannach Riaracháin

### Buiséad ón Roinn Oideachais agus Scileanna

2002	€253,396
2003	€291,501
2004	€417,463
2005	€721,704
2006	€983,560
2007	€1.245m
2008	€1.245m
2009	€1.238m
2010	€1.234m
2011	€1.386m
2012	€1.3m
2013	€1.317m

Ba é €1.317m ioncam iomlán COGG sa bhliain 2013 ón Státchiste tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna agus €75,000 ó dhíolachán foilseachán.

Is as an mbuiséad seo a íoctar: tuarastail foirne agus táillí conraitheoirí; gach costas a bhaineann le riarachán, foilseacháin, forbairt ghairmiúil, teicneolaíocht fhaisnéise, forbairt áiseanna, taighde; costais a bhaineann le cruinnithe COGG agus a fochoistí, lena n-áirítear costais taistil agus cothabhála; eagrú cúrsaí; an taispeántas taistil agus eile.

## Cur chuige

De bharr líon beag na foirne, is ar bhonn conartha a chomhlíonann COGG mórchuid dá feidhmeanna reachtúla, ar a n-áirítear:

- Bainistiú ar shuíomh gréasáin COGG, ar an mbunachar áiseanna, ar an ionad áiseanna, ar an taispeántas taistil, ar na foilseacháin eolais, ar an suíomh [www.ceacht.ie](http://www.ceacht.ie), ar na páipéir trialscrúduithe, ar an leagan Gaeilge de *Eureka*, ar dháileadh *Breacadh*, i measc a lán tionscadal eile.
- Fógraítear cuirí chun tairisceana d'fhoilsitheoirí oideachasúla le leaganacha Gaeilge de théacsleabhair a chur ar fáil.
- Fógraítear scéim mhaoinithe do chomhlachtaí, d'institiúidí agus do dhaoine aonair le háiseanna foghlama a chur ar fáil.
- Fáiltítear roimh bhunábhar ó mhúinteoirí don suíomh [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie) agus foilsítear cuid den ábhar seo freisin i bhfoirm leabhar.
- Tá painéal aistritheoirí le hardscileanna in aistriúchán ábhair do pháistí agus do dhaltai iar-bhunscoile forbartha ag COGG agus leagtar an-bhéim ar oiriúnacht na teanga don léitheoir.
- Fógraítear scéim sparánachtaí taighde agus foilsítear tuarascálacha an taighde sin.
- Déantar plé le múinteoirí sna scoileanna lena riachtanais ó thaobh áiseanna foghlama agus teagaisc a mheas.
- Téitear i gcomhairle le príomhoidí, múinteoirí, an chigireacht, stiúrthóirí na nIonad Oideachais, coláistí 3ú leibhéal agus le daoine eile maidir lena riachtanais tacaíochta agus cuirtear réimse leathan seirbhísí ar fáil.

Déanann an Príomhfheidhmeannach bainistíocht ar obair na dtionscadal uile seo luaithe thuas, idir riachtanais a aithint, obair a chríochnú, monatóireacht ar an gcur i bhfeidhm, agus athbhreithniú ar a n-éifeacht.



## Dátaí cruinnithe 2013:

- 15 Eanáir 2013
- 26 Feabhra 2013
- 16 Aibreán 2013
- 18 Meitheamh 2013
- 17 Meán Fómhair 2013
- 05 Samhain 2013
- 11 Nollaig 2013

### Freastal ar chruinnithe

Ainm	Líon cruinnithe
John Carr	7/7
Anna Ní Chartúir	5/7
Bernadette Ní Dhuibhir	5/7
Cathnia Ó Muircheartaigh	7/7
Máire Nic Niallais	4/7
Mairéad Ní Chualain	5/7
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	6/7
Fíona Uí Uiginn	5/7
Máire Ní Chuinneagáin	6/7
Máire Uí Chonghaile	7/7
Mícheál Ó Dochartaigh	0/7
Mícheál Ó Broin	0/7
Robbie Cronin	6/7
Seán Ó Tuairisg	6/7
Seosamh Ó Coinne	3/7
Yvonne Ní Mhurchú	4/7
Deirbhile Nic Craith	6/7
Bríd Uí Lubhaing	2/7
Bláthnaid Ní Ghréacháin	5/7
Seán Mac Nía	5/7
Reuben Ó Conluain	6/7
Daithí Sims	0/7
Kevin de Barra	5/7

## Costais a íocadh

Ainm	Costais Taistil & Cothabhála a cúitíodh le comhaltaí i 2013 as freastal ar chruinnithe nó ar ócáidí eile a bhain le gnó na Comhairle
John Carr	€0
Anna Ní Chartúir	€907.98
Bernadette Ní Dhuibhir	€1,608.05
Cathnia Ó Muircheartaigh	€1,165.08
Máire Nic Niallais	€488.21
Mairéad Ní Chualáin	€1,365.66
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	€0
Fíona Uí Uiginn	€0
Máire Ní Chuinneagáin	€408.26
Máire Uí Chonghaile	€0
Mícheál Ó Dochartaigh	€0
Mícheál Ó Broin	€0
Robbie Cronin	€0
Seán Ó Tuairisg	€803.64
Seosamh Ó Coinne	€0
Yvonne Ní Mhurchú	€478.66
Deirbhile Nic Craith	€0
Bríd Uí Lubhaing	€372.25
Bláthnaid Ní Ghréacháin	€0
Seán Mac Nia	€605.18
Reuben Ó Conluain	€0
Daithí Sims	€0
Kevin de Barra	€0



## Luach saothair

Ní íoctar agus níor íocadh riamh, táille ar bith le cathaoirleach, le leasathaoirleach ná le haon chomhalta de COGG.

Íoctar an Príomhfheidhmeannach de réir scála tuarastail Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (Cigire Sinsearach)

Pointe Breisiú Fadseirbhíse 1: € 88,018

Níl aon scéim íocaíochtaí bhónais i bhfeidhm d'aon duine.

## Coistí COGG

---

### Fochoiste Polasaí agus Pleanála

#### Aidhmeanna:

1. Polasaithe na Comhairle a fhorbairt agus a chur faoi bhráid na Comhairle,
2. Scrúdú a dhéanamh ar pholasaithe, ar cháipéisí agus ar dhoiciméid ó eagrais eile a bhaineann le cúraim na Comhairle agus moltaí ina leith a chur faoi bhráid na Comhairle,
3. Plean Straitéise, plean bliana agus tuairisc bhliantúil a ullmhú le hionchur ón gComhairle, i gcomhpháirt leis an bhfeidhmeannas,
4. Anailís a dhéanamh, ar iarratas ón gComhairle, ar aon ní eile a bhaineann le hobair na Comhairle ó thaobh polasaithe nó pleanála de, agus moltaí ina leith a chur faoi bhráid na Comhairle.

### Coiste Theagasc na Gaeilge

De réir fhorálacha an Achta Oideachais, tá feidhm reachtúil ag COGG maidir le comhordú agus pleanáil áiseanna teagaisc, le seoladh taighde agus le soláthar seirbhísí taca mar a bhaineann siad le teagasc na Gaeilge i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán. Tá feidhm reachtúil ag an gComhairle freisin comhairle a chur ar fáil don Aire Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna sin. De réir an Achta Oideachais, is féidir na feidhmeanna sin a tharmligean chuig comhlacht daoine eile agus is chuige sin Coiste Theagasc na Gaeilge.

### Coiste Iniúchóireachta agus Bainistíocht Riosca

Faoi théarmaí an Chóid Chleachtais do chomhlachtaí stáit, bunaíodh Coiste Iniúchóireachta le maoirsiú a dhéanamh ar iniúchadh inmheánach COGG. Tá téarmaí tagartha an Choiste aontaithe agus is gá 4 chruinniú ar a laghad den choiste a ghairm in aghaidh na bliana. Bíonn tuairisc ón gCoiste Iniúchóireachta ar chlár chruinnithe bhord COGG.

## Feidhm reachtúil 1

---

Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú

### Téacsleabhair agus áiseanna eile a d'fhoilsigh COGG in 2013 nó a foilsíodh i gcomhpháirt

- **An Leabhrán Áiseanna, Eagrán 9**  
Eolas cruinn do bhunscoileanna faoi théacsleabhair agus áiseanna eile atá ar fáil in Éirinn, Thuaidh agus Theas, don teagasc trí Ghaeilge
- **An Leabhrán Áiseanna, Eagrán 9**  
Eolas cruinn d'iar-bhunscoileanna faoi théacsleabhair agus áiseanna eile atá ar fáil in Éirinn, Thuaidh agus Theas, don teagasc trí Ghaeilge
- **Oscail & Léigh, Eagrán 3**  
Eolas cruinn faoi théacsleabhair agus áiseanna eile atá ar fáil in Éirinn, Thuaidh agus Theas, do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna do theagasc na Gaeilge
- **Liostaí Leabhar 2013**  
Bróisiúr seolta chuig gach bunscoil agus iar-bhunscoil Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge ag léiriú na dtéacsleabhar atá ar fáil le cur ar liosta leabhar na ndaltaí
- **Ceacht.ie**  
Forbairt leanúnach ar shuíomh gréasáin do theagasc na Gaeilge in iar-bhunscoileanna
- **Triailscrúduithe**  
Páipéir do thriailscrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdeistiméireachta i réimse leathan ábhar
- **Iarpháipéir scrúdaithe**  
Leabhair d'iarpháipéir scrúdaithe stáit i réimse leathan ábhar an Teastais Shóisearaigh agus na hArdeistiméireachta
- **Tionscadal Mata**  
Aistriúchán agus cló na sraithe 'Téacs & Trialacha' 1-7 curtha i gcrích le tacú le *Tionscadal Mata*
- **À toi!**  
Áis don mhúinteoir chun barr feabhais a bhaint amach in oiliúint agus i measúnú daltaí Fraincise an Teastais Shóisearaigh sa chluastuisicint



- **COMHARóg**  
Leagan iar-bhunscoile den iris liteartha COMHAR
- **Feachtas frithbhulaíochta**  
Sraith póstaer d'iar-bhunscoileanna
- **Feachtas Frithchiníochais**  
Leagan Gaeilge den chlár 'Show Racism the Red Card'
- **An Domhan Inniu**  
Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta  
An Domhan Inniu 2, Roghanna 6 & 7 agus An Domhan Inniu 3, Cúrsa Toghthach 5 foilsithe mar ríomhleabhair
- **An Rian Ainm Fionnuisce:** Treoirchairt le pictiúir agus cosán loighciúil chun inveirteabraigh lochán agus sruthán a aithint
- **Eochair i gcomhair na bhfeamainní coitianta:** Treoirchairt le pictiúir chun feamainní ar an gcladach a aithint
- **Staidéar ar Fheamainní Donna ar Chladach:** Leabhar saothair do mhúinteoirí agus do dhaltaí le haghaidh ábhar dualgais Eolaíocht an Teastais Shóisearaigh agus Bhitheolaíocht na hArdteistiméireachta
- **Póstaeir Eacnamaíocht Bhaile**  
Sraith póstaer d'iar-bhunscoileanna
- **Ceimic sa Chistin**  
Sraith turgnamh ar iTunes U
- **Imscrúdú Allamuigh sa Tíreolaíocht**  
Sraitheanna Físeán
- **Imscrúdú Allamuigh san Éiceolaíocht**  
Sraitheanna Físeán
- **Mac an Bheatha**  
Dráma clúiteach Shakespeare i bprós simplí i gcanúint Uladh agus i lárchanúint
- **The Irish Daily Star**  
*Am Breise* - Forlónadh míosúil spóirt d'iar-bhunscoileanna
- **Cleite - an Clár Luathléitheoireachta**  
Banda 2 de chlár léitheoireachta an Áisaonaid curtha ar fáil do bhunscoileanna an Deiscirt

- **Eureka** - 28 eagrán den leagan Gaeilge d'fhorlíonadh eolaíochta bunskoile an *Irish Independent*
- **eLeathanach** - eLeathanach nuachta seachtainiúil
- **Siméadracht**  
Spraoi school – cluichí ar-líne le siméadracht rothlach a theagasc do pháistí
- **Spás Síochánta Suaimhneach**  
Clár aireachais do dhaltaí scoile
- **Aip Bhriathra na Gaeilge**  
Feidhmchlár a bhfuil briathra na Gaeilge uirthi
- **Gníomhaíochtaí Gasta**  
Lámhleabhar múinteora de ghníomhaíochtaí do theagasc na Gaeilge
- **Puzal Pearsan**  
Cluiche le tacú le teagasc na Gaeilge
- **Déan Dráma 1**  
An chéad leabhar i sraith drámaíochta do mhúinteoirí bunskoile
- **Beach sa teach agus dánta eile**  
Cnuasach dánta - dán amháin do gach litir san aibítir
- **Feadóg on line**  
Suíomh a mhúineann conas an fheadóg stáin a sheimn.
- **Réalta an Ranga**  
Cluiche le tacú le foghlaim na Gaeilge
- **Seachtain na Gaeilge**  
Lámhleabhar do mhúinteoirí
- **Rith 2013**  
Áis tacaíochta do mhúinteoirí
- **Crannóg**  
Cluiche cláir mar thaca do litriú na Gaeilge
- **Léarscáileanna Contae**  
Léarscáil de gach contae in Éirinn



- **Báidín Fheidhlimidh**

Dlúthdhiosca d’amhráin thraidisiúnta á gcanadh ag páistí bunscoile Thír Chonaill

- **Bosca beo**

Suíomh idirlín ar a bhfuil físeáin agus ceachtanna teanga

- **Bratach na gCnámh**

Sraith scéalta aistrithe ón bhFraincis

*Éalú as Páras*

*Long na dTaibhsí*

*Oileán na Siorcanna*

- **Cleite**

*Rún na Seacht gCloigne*

- **Sraith scéalta agus 4 leabhar saothair** bunaithe orthu

Sraith scéalta i nGaeilge do dhaltáí idir 9-12 a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu

*Eachtraí Eilifinte*

*An tSeanbhean Bhocht*

*An Toirtís Chainteach*

*An Bráthair*

- **Fonn Fónaice**

CDRom chun tacú le foghlaim fhónaice na Gaeilge

- **An tEolaí Óg**

4 cinn de na leabhair i sraith neamhfhicsin Dorling Kindersley “Mini Scientist”

- **Na Deich gCinn is measa**

Sraith neamhfhicsean siamsúil

- **Dyce as Gaeilge**

Cluiche focal ar ríomhaire

- **Spraoi le Cluichí**

Bosca de chluichí focal

- **Mise Máire Treasa Mí Abha**

Dhá leabhar eile sa tsraith

- **Dhá úrscéal agus Bileoga saothair**

*Tiarnán*

*An tÉinín Fuadaithe*

- **Fuaim-U**

Feidhmchlár do ghutháin chliste Android a úsáideann clár fónaice teanga le buneolas ar chód scríofa na Gaeilge a theagasc do pháistí

- **Briathra na Gaeilge**

Cluiche boird chun cabhrú le páistí briathra neamhrialta a fhoghlaim

- **An Brat Buí**

Tionscadal frithchinóchais cuimsithe do bhunscoileanna

- **An Moo Crew**

Pleananna ceachta do bhunscoileanna faoi chothú, faoi shláinte choirp, agus faoi chúrsaí déiríochta

## Feidhm reachtúil 2

---

**Comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta**

Cuireann COGG comhairle ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta mar chuid dá feidhmeanna reachtúla.

In 2013 cuireadh comhairle ar fáil nó aighneachtaí faoi bhráid:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- Foras na Gaeilge
- Oifig an Choimisinéara Teanga
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
- An Foras Taighde ar Oideachas
- An Comhchoiste um Oideachas agus Coimirce Sóisialach

D'fhreastail ionadaí ó COGG ar na coistí/grúpaí seo a leanas:

- Grúpa Ardleibhéal na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge
- An Coiste Seasta Thuaidh Theas
- An Coiste Áiseanna, Tacaíochta, Oiliúna agus Curaclaim (Tuaisceart Éireann)
- Meitheal Forbartha na Gaeilge don Teastas Sóisearach CNCM
- Meitheal Litríochta na hArdteistiméireachta CNCM
- Meitheal Forbartha an Churaclaim Bunscoile CNCM

Tá príomhfheidhmeannach COGG ina ball de Bhord Ghobharnóirí Institiúid Oideachais Marino agus ina comhalta boird de Chomhairle na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann.





## Feidhm reachtúil 3

### Chun seirbhísí taca a chur ar fáil do scoileanna trí mheán na Gaeilge

#### Seirbhísí taca:

- **www.cogg.ie**

Tá bunachar sonraí de gach áis teagaisc agus foghlama do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar fáil ar an suíomh seo, chomh maith le tuarascálacha taighde, nuacht agus ábhar eile.

- **Ionad Áiseanna**

Coimeádadh Ionad Áiseanna COGG suas chun dáta le gach áis teagaisc Ghaeilge nua a tháinig ar an bhfód i rith na bliana. Fáiltíodh roimh chuairteoirí chuig an Ionad.

- **Taispeántas Taistil**

Ionad taispeántais a thugann cuairt ar scoileanna i veain ina bhfuil sampla de gach áis teagaisc agus foghlama don teagasc trí Ghaeilge agus do theagasc na Gaeilge. Tugadh cuairt ar 196 bunscoil Bhéarla, 3 Iar-bhunscoil, 3 Choláiste Oideachais agus 8 gcúrsa Gaeilge d'ábhar oidí i rith 2013.

- **Comhdháil COGG**

Eagraíodh comhdháil i mí Bealtaine 2013 ar an téama:  
*Riachtanais na Gaeilge san oideachas- Gaeltacht, Gaelscoil agus an Ghaeilge.*

- **Scannán**

Rinneadh gearrscannán le taispeáint ag an gcomhdháil:  
*Spléachadh ar oideachas trí mheán na Gaeilge.*

- **Cúrsaí Gaeilge**

D'fhreastail 38 múinteoir ó iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ar chúrsa Gaeilge a chuir COGG, i gcomhpháirt le Gaelchultúr Teoranta, ar fáil i Lúnasa 2013.

- **Dioplóma i dTeagasc trí Ghaeilge (Ealaín)**

Bronnadh Dioplóma i dTeagasc trí Ghaeilge (Ealaín) ar rannpháirtithe an chúrsa.

- **An M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge**

Cuireadh sparánachtaí ar fáil don chéad cohórt d'iarchéimithe a thug faoin gcúrsa nua seo i gColáiste Mhuire gan Smál.

- **Laethanta Oiliúna don Luathléitheoireacht**

D'fhreastail 100 múinteoir bunscoile ar na Laethanta Oiliúna a chuir COGG ar siúl i gcomhpháirt leis an Áisaonad agus le foireann múinteoirí ó Ghaelscoileanna Thuaisceart Éireann.

- **Liostaí leabhar**

Seoladh bróisiúr chuig gach bunscoil agus gach iar-bhunscoil Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge le heolas faoi na téacsleabhair do liostaí leabhar na scoileanna.

- **Intouch**

Cuireadh alt ar fáil do gach eagrán den iris ag cur síos ar úsáid áiseanna teagaisc Gaeilge.

- **Oscail & Léigh**

Seoladh cóipeanna den leabhrán ‘Oscail&Léigh’ (liosta de gach áis teagaisc i nGaeilge) chuig gach bunscoil sa tír.

- **Triailpháipéir na Scrúduithe Stáit**

Cuireadh leagan Gaeilge ar fáil de 39 páipéar triailscrúduithe éagsúla don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht.

- **Sintéis na Gaeilge**

Leanadh leis an bhforbairt seo le linn 2013. Is áis é CABAIRE a chuirfidh le forbairt na litearthachta i measc phobal na Gaeilge. Cuirfidh sé ar chumas an fhoghlaiméora éisteacht le haon téacs digiteach.

- **Libre Office**

Gramadóir Gaeilge don phróiseálaí focal.

- **Breacadh**

Díoladh agus dáileadh trí eagrán den nuachtiris ar scoileanna.

- **Glór na nGael**

Cuireadh duais ar fáil don iar-bhunscoil is fearr ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge de.

- **Ag cur barr feabhais ar fhoghlaim agus ar theagasc na Gaeilge le TFC**

Foilsíodh lámhleabhar a d’fhorbair Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus Lárionad Oideachais na hUaimhe, le tacaíocht ó COGG.

- **Fréamh an Eolais**

Cuireadh tacaíocht ar fáil do sheoladh *Fhréamh an Eolais* (Ciclipéid Eolaíochta agus Teicneolaíochta leis an Ollamh Matt Hussey) ar Vicipéid.

- **Cainteanna**

An Coláiste Froebel

Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann

Cúrsa Gaeilge Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna

An Tionól Teagaisc

Comhdháil: *‘Gaeltachtaí Mhaigh Eo: Bás nó Fás’*

## Feidhm reachtúil 4

**Chun taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní a bhaineann lena cúraim**

### **Taighde a foilsíodh in 2013**

*Tionchar na leasuithe ar shiollabas na hArdteistiméireachta, Ardleibhéal, ar chumas na scoláirí.  
Ionad na dTeangacha, Coláiste na hOllscoile, Má Nuad*

*Tionchar na gcoláistí Gaeilge (samhraidh) ar dhearcadh agus ar chumas na scoláirí  
Ionad na dTeangacha, Coláiste na hOllscoile, Má Nuad*

### **Taighde a mhaoinigh COGG ach nár foilsíodh go fóill:**

*Ag Aistriú Téacsleabhar Scoile*

Séamus Ó Coileáin, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh

*Tréithe dea-fhoghlaimoírí Gaeilge*

Karen Ní Chlochasaigh, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí

*Uirlis dhiagnóiseach d'fhadhbanna cuimhne*

Judith Wylie, Coláiste na Banríona, Béal Feirste

*Athbheochan na Maori - ceachtanna don Ghaelscolaíocht*

Muiris Ó Laoire, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí

*Sealbhú neamhiomlán na mionteanga*

Ciarán Lenoach - Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

*Forbairt tástálacha le fadhbanna forbairt teanga a aithint don Teiripe Urlabhra*

Sara-Ann Muckley - Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

*Cur chuige a fhorbairt i dtaobh fhoghlaim na Gaeilge, le fócas ar leith ar chothú na teanga  
labhartha. Gearóidín Ní Dhiolúin - Ollscoil na hÉireann, Má Nuad*

*An dóigh a dtéann an dátheangachas i bhfeidhm ar chumas cognaíoch páistí*

Judith Wylie agus Gerry Mulhern - Ollscoil na Banríona

*Dátheangachas agus féiniúlacht*

Áine Ní Dhonnabháin - Ollscoil na hÉireann, Corcaigh

### **Taighde reatha á mhaoiniú ag COGG**

*Teicneolaíocht Gréasáin 2.0 a úsáid le háiseanna a fhorbairt*

Niall Mac Uidhílin - Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

*Forbairt na Gaeilge: Na meánchéimeanna i measc páistí líofa sa Ghaeltacht agus sna Gaelscoileanna*

Siobhán Nic Fhlannchadha, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

*Dianstaidéar ar cháilíochtaí mhúinteoirí sna Gaelcholáistí agus sna hIarbhunscoileanna Gaeltachta*

Seán Ó Grádaigh - Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

*Cleachtas agus Riachtanais Oiliúna Mhúinteoirí in Iar-bhunscoileanna Gaeltachta*

Laoise Ní Thuairisg, Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath

*An Litearthacht Ghaeilge i gCóras Bunscolaíochta na Gaeltachta*

Neasa Ní Chuaig – Coláiste Phádraig, Droim Conrach

### **Taighde reatha á chomh-mhaoiniú ag COGG le CSTT**

*Anailís ar bhonn uile-Éireann ar mhúnlaí soláthair gaelscolaíochta a chuimsíonn an bunleibhéal agus an dara leibhéal agus sin a dhéanamh i gcomparáid le soláthar i suímh scoite agus tagairtí a bheith ann don chomhthéacs idirnáisiúnta*

### **Sparánacht a bronnadh in 2013**

*SUIM<sup>2</sup> – Spreagadh na hUimhearthachta tríd Imeachtaí Múinteoireachta Muinéacha.*

Máire Ní Ríordáin – Scoil an Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

### **Taighde a críochnaíodh agus ar bronnadh dochtúireacht air in 2013**

*Tumoideachas in Éirinn – Taithe Tuismitheoirí ar an gcóras Tumoideachais*

Lauren Kavanagh

*Dea-chleachtas i dteagasc na gramadaí sa suíomh lán-Ghaeilge.*

T.J. Ó Ceallaigh - Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

### **Taighde a críochnaíodh agus atá le foilsiú in 2014**

*Miontionscadal taighde ar chumais dhátheangacha cainteoirí dúchais Gaeilge*

Tamás Péterváry, Brian Ó Curnáin, Conchúr Ó Giollagáin, Jerome Sheahan

### **Taighde atá á stiúradh ag COGG don Roinn Oideachais agus Scileanna**

*Athbhreithniú ar leith ar litríocht, ar pholasaithe náisiúnta agus ar chleachtas ábhartha i limistéir eile i gcomhthéacsanna sochtheangeolaíochta atá inchurtha leis na ceantair Ghaeltachta, i dtaca le soláthar do theangacha mionlaigh sa chóras oideachais agus le teagasc trí theanga mhionlaigh in ionaid réamhscolaíochta, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.*

Coláiste Phádraig, Droim Conrach







**An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta,  
35 Cearnóg Mhic Liam,  
Baile Átha Cliath 2.**

**[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)**

**Tel: 01 6340831**



An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

